Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14128/24**

**LIMITE**

**ELARG 122**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Mheitheal um Méadú agus um Thíortha a bhfuil Aontachas le AE á chaibidil acu |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 13824/24 |
| Ábhar: | MÉADÚ<br>- Caibidlíocht Aontachais leis an Albáin<br>= Cnuasach 1: Bunphrionsabail |

1. D'fhonn an chéad chruinniú eile den Chomhdháil Aontachais leis an Albáin a ullmhú, tá an Mheitheal um Méadú agus um Thíortha a bhfuil Aontachas leis an Aontas á chaibidil acu (COELA) tagtha ar chomhaontú faoi dhréacht-Chomhsheasamh ón Aontas Eorpach maidir le Cnuasach 1: Bunphrionsabail (lena n-áirítear Feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, Athchóiriú ar an riarachán poiblí, caibidlí 23 – Na breithiúna agus na cearta bunúsacha, 24 –Ceartas, saoirse agus slándáil, critéir eacnamaíocha, caibidlí 5 – Soláthar poiblí, 18 – Staidreamh, 32 – Rialú airgeadais).

2. I bhfianaise an mhéid sin, agus i gcomhréir leis na socruithe inmheánacha le haghaidh na caibidlíochta leis an Albáin (10380/1/2022 REV1), iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an Comhsheasamh a fhormheas mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

3. Tar éis do Choiste na mBuanionadaithe an Comhsheasamh ón Aontas a fhormheas, cuirfear ar fáil don Albáin é roimh an gcéad chruinniú eile den Chomhdháil Aontachais.

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

**COMHDHÁIL AR AONTACHAS**

**LEIS AN AONTAS EORPACH**

**- AN ALBÁIN-**

**DRÉACHT**

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Albáin (AD 5/22 CONF-ALB 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- aon tuairim a chuirfidh an Albáin nó an tAontas in iúl maidir le caibidil shonrach den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;
- d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú amháin comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 3, 5, 10, 14, 16, 31, 33, 36, 38, 39, 46, 47 agus 48 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Albáin leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus caighdeáin Eorpacha agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh aontachais, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Albáin, ina seasamh AD 19/24 CONF-ALB 4, le *acquis* an Aontais faoi Chnuasach 1 mar atá i bhfeidhm an 2 Deireadh Fómhair 2024 agus go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach.

## 1. Feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an bhunsraith do **stát daonlathach** leagtha síos ag an Albáin ina hord bunreachtúil agus go bhfuil comhdhlúthú a hinstitiúidí daonlathacha á shaothrú aici agus go gceadaítear próiseas daonlathach toghcháin leis an gcreat dlíthiúil agus institiúideach. Iarrann an tAontas ar an Albáin aghaidh a thabhairt ar roinnt débhríochtaí agus neamhréireachtaí dlíthiúla ar tharraing ESCE/an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine aird orthu, chomh maith le moltaí comhpháirteacha eile ón ESCE/Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine agus ó Choimisiún na Veinéise. Ní mór an reachtaíocht maidir leis na meáin i bhfeachtais toghcháin, go háirithe maidir leis an mbréagaisnéis agus ardáin ar líne, a neartú a thuilleadh. Maidir le páirtithe polaitiúla agus feachtais toghcháin a mhaoiniú, tugann an tAontas dá aire go dearfach go bhfuil foráil déanta san athbhreithniú ar an gcreat reachtach do bhreis trédhearcachta, ach gur gá an cur chun feidhme a chomhdhlúthú.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil ról **thionól** na hAlbáine á chomhdhlúthú le himeacht ama. Molann an tAontas go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun trédhearcacht, cuntasacht, ionracas agus éifeachtacht a mhéadú, lena n-áirítear maidir le hidirghníomhaíochtaí idir an Pharlaimint agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna)/eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESSanna) agus maidir lena chuid foilseachán. Meabhraítear don Aontas gur colún lárnach den phróiseas aontachais í Parlaimint fheidhmiúil a fheidhmíonn maoirseacht éifeachtach agus ról reachtach. Meabhraítear don Aontas gur gá don Pharlaimint a bheith in ann úsáid a bhaint as na sásraí uile lena n-áirítear coistí fiosrúcháin chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar obair an Rialtais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil idirphlé polaitiúil cuiditheach agus cuimsitheach sa Pharlaimint ríthábhachtach agus chun leasa shaoránaigh na hAlbáine. Tugann an tAontas dá aire freisin, in ainneoin go bhfuil tionchar diúltach fós ag an bpolarú polaitiúil ar ghníomhaíocht pharlaiminteach, gur éirigh leis an bParlaimint leasuithe reachtacha a ghlacadh le tromlach mór traspháirtí chun a ról i bpróiseas lánpháirtithe an Aontais a neartú.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil an creat dlíthiúil, rialála agus institiúideach d'**eagraíochtaí na sochaí sibhialta** i bhfeidhm ar an iomlán, ach go bhfuil gá le feabhsuithe chun cur chun feidhme iomlán an chreata dhlíthiúil a chumasú, go háirithe le haghaidh na nósanna imeachta clárúcháin. Tugann an tAontas dá aire gur gá feabhas a chur ar phróisis chomhairliúcháin chun go mbeidh siad níos cuimsithí, chun cur le héifeachtacht agus cáilíocht na bpróiseas sin, agus go bhfuil gá le hiarrachtaí agus acmhainní breise chun timpeallacht inbhuanaithe chumasúcháin a áirithiú don tsochaí shibhialta.

## 2. Athchóiriú ar an riarachán poiblí

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Albáin measartha ullamh i gcás an ch**reata straitéisigh maidir leis an athchóiriú ar an riarachán poiblí.** Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin a straitéisí nua maidir le hAthchóiriú ar an Riarachán Poiblí (PAR) agus Bainistíocht Airgeadais Phoiblí (PFM) a fhorbairt agus a ghlacadh go tráthúil chun leanúnachas na n-athchóirithe a áirithiú. Ba cheart di a áirithiú go bhfuil an Straitéis maidir le PAR go hiomlán comhsheasmhach le doiciméid straitéiseacha agus pleanála beartais eile, agus go bhfuil na hathchóirithe a bhaineann le PAR inbhuanaithe ó thaobh an airgeadais de. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil an córas comhordaithe beartais fós casta agus gur cheart é a shimpliú agus gur cheart feabhas a chur ar an gcomhordú agus ar an stiúradh polaitiúil chun na hathchóirithe a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil an Albáin measartha ullamh maidir lena **forbairt agus a comhordú beartais**. I réimse na forbartha beartais, tá an reachtaíocht ailínithe go páirteach le caighdeáin an Aontais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin a creat rialála a uasghrádú chun feabhas a chur ar phleanáil beartais mheántéarmach, chun úsáid an mheasúnaithe tionchair rialála a leathnú chuig an reachtaíocht thánaisteach uile agus chun ról na maoirseachta parlaimintí ar an rialtas a threisiú.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil reachtaíocht **státseirbhíse** na hAlbáine ailínithe a bheag nó a mhór le croíphrionsabail na hearcaíochta, an ardaithe céime agus an bhriste atá bunaithe ar fhiúntas agus atá trédhearcach. Mar sin féin, ní mór forálacha maidir le hearcaíocht agus ardú céime atá bunaithe ar fhiúntas a chur chun feidhme go comhsheasmhach ar gach leibhéal sa chleachtas. Tugann an tAontas dá aire freisin nach mór don Albáin a córas luacha saothair a athchóiriú chun é a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos cothroime le critéir shoiléire maidir le forlíontaí agus méaduithe tuarastail. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don Albáin an córas aicmithe post a chomhchuibhiú agus a chur chun feidhme ar fud na n-institiúidí freisin.

Tugann an tAontas dá aire nach soláthraítear leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair **lena n-eagraítear comhlachtaí riaracháin lárnacha**, nach soláthraítear tíopeolaíocht agus critéir shoiléire chun fochomhlachtaí a chruthú, ná nach soiléirítear leis línte cuntasachta idir comhlachtaí maoirseachta agus fochomhlachtaí. Iarrann an tAontas ar an Albáin aghaidh a thabhairt air sin agus an mhaoirseacht a dhéanann na haireachtaí faoi seach ar ghníomhaireachtaí fo-ordaithe a neartú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin gur cheart don Albáin trédhearcacht na n-institiúidí poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear tríd an rochtain atá ag saoránaigh ar fhaisnéis phoiblí a neartú.



PUBLIC

Meabhraítear don Aontas gurb é an digiteáil an bealach i dtreo riarachán poiblí níos fearr ós rud é go gcuirfear ar fáil léi sin ríomhsheirbhísí níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus ar ardchaighdeán lena ngabhann costais riaracháin agus an t-ualach riaracháin laghdaithe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil próiseas uaillmhianach faoi bhun ag an Albáin chun **seirbhísí poiblí a dhigiteáil** chun thart ar 95 % de na seirbhísí poiblí uile a bhaint amach faoi láthair. Iarrann an tAontas ar an Albáin cóir chomhionann agus inrochtaineacht ar sheirbhísí riaracháin a ráthú do gach saoránach agus gnólacht. Ina theannta sin, molann an tAontas don Albáin leanúint de na hiarrachtaí maidir le próisis agus seirbhísí riaracháin a shimpliú agus an chibearshlándáil a neartú. Tugann an tAontas dá aire pleananna na hAlbáine athbhreithniú a dhéanamh ar a reachtaíocht maidir le hidir-inoibritheacht. I bhfianaise an mhéid sin, meabhraítear don Aontas gur gá idir-inoibritheacht trasteorann a neartú freisin trí chreat náisiúnta idir-inoibritheachta atá ailínithe go hiomlán leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta mar bhonn do sheirbhísí poiblí digiteacha idir-inoibritheacha atá dírithe ar an duine. Molann an tAontas don Albáin faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí in *acquis* digiteach an Aontais, go háirithe reachtaíocht an Aontais maidir le ríomh-shainaithint agus seirbhísí iontaoibhe (Rialachán eIDAS), atá á hathbhreithniú faoi láthair, chun tiachóg céannachta digití náisiúnta a chruthú.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat seanbhunaithe i bhfeidhm ag an Albáin maidir le **bainistiú airgeadais phoiblí**. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé don Albáin an creat buiséadach meántéarmach a fheabhsú a thuilleadh agus na hacmhainneachtaí institiúideacha a mhéadú chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí fioscacha agus bainistiú infheistíochta poiblí a fheabhsú. Molann an tAontas don Albáin Comhairle Fhioscach a bhunú chun inchreidteacht na mbeartas fioscach sa tír a neartú.

**3. Caibidil 23 - Na breithiúna agus na cearta bunúsacha**

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil ardleibhéal ailínithe le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin ábhartha Eorpacha ag creat reachtach agus institiúideach na hAlbáine a mhéid a bhaineann le **feidhmiú na mbreithiúna**. Tugann an tAontas dá aire gur rún don Albáin **athchóiriú ceartais** 2016 a chur chun cinn a thuilleadh trí leanúint de neamhspleáchas na ngiúistísí agus na gcóras breithiúnach agus ionchúisimh a neartú, cuntasacht agus sláine a chomhdhlúthú ar gach leibhéal, inrochtaineacht agus cáilíocht an cheartais a áirithiú, agus seachadadh éifeachtúil an cheartais a áirithiú i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin maidir le **neamhspleáchas agus neamhchlaontacht** na gcóras breithiúnach agus ionchúisimh. Tugann an tAontas dá aire pleananna na hAlbáine leanúint d'acmhainneacht, neamhspleáchas agus éifeachtúlacht chomhlachtaí féinrialaithe na mbreithiúna a fhorbairt agus dul chun cinn a chomhdhlúthú trí cheapacháin dul chun cinn gairme atá bunaithe ar fhiúntas, trí thrédhearcacht arduithe céime a fheabhsú, trí chloí le seiceálacha ionracais tréimhsiúla a dhéanamh go mionchúiseach agus iad a chur i bhfeidhm go críochnúil le linn gairmréime giúistís. Tugann an tAontas dá aire freisin rannpháirtíocht na hAlbáine agus na hardchaighdeáin a leagtar síos leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin á leanúint aici lena n-áirithítear go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach sa chleachtas na rialacha maidir le leithdháileadh randamach na gcásanna. Tugann an tAontas dá aire freisin, agus is díol sásaimh dó, pleananna na hAlbáine athléimneacht na n-institiúidí ceartais a neartú a thuilleadh i leith cásanna de chur isteach inmheánach agus seachtrach. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá d'fheidhmeannas agus do reachtaíocht na hAlbáine araon cinntí ceangailteacha na Cúirte Bunreachtúla a urramú agus a chur chun feidhme ina n-iomláine, mar ábhar tosaíochta. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don Albáin na caighdeáin is airde sláine agus trédhearcachta agus caighdeáin fiúntasbhunaithe a áirithiú agus comhaltaí na gcomhlachtaí féinrialála agus príomhchomhlachtaí breithiúnacha agus ionchúisimh eile á gceapadh.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil institiúideach ag an Albáin lena n-áirithítear rialáil láidir **cuntasachta**. Tugann an tAontas dá aire agus is díol sásaimh dó cur chun feidhme maith leanúnach an phróisis grinnfhiosrúcháin a dhéanann an Albáin agus an plean atá aici an próiseas grinnfhiosrúcháin a thabhairt chun críche go hordúil laistigh de na spriocdhátaí bunreachtúla, faoi mhaoirseacht na hOibríochta Faireacháin Idirnáisiúnta. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá don Albáin leanúint de nósanna imeachta coiriúla a thionscnamh i gcoinne breithiúna agus ionchúisitheoirí a gcuirtear iompar coiriúil ina leith le linn an phróisis grinnfhiosrúcháin agus a thábhachtaí atá sé na hardchaighdeáin a leagtar síos sa phróiseas grinnfhiosrúcháin a chur i bhfeidhm. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil sé beartaithe ag an Albáin a áirithiú go gcumasóidh seirbhísí cigireachta agus na hinstitiúidí féinrialaitheacha go comhréireach, go háirithe an tArdchigire Ceartais, an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus an Ardchomhairle Ionchúiseach, go mbeidh cuntas teiste láidir na cuntasachta agus na sláine sa chóras breithiúnach ar gach leibhéal. Ní mór don Albáin an leibhéal is airde ionracais agus fiúntais a áirithiú agus comhaltaí neamh-ghiúistís den Ardchomhairle Bhreithiúnach agus den Ardchomhairle Ionchúiseach á gceapadh.

Tugann an tAontas dá aire bunús maith na hAlbáine le haghaidh **cháilíocht agus éifeachtúlacht** an chórais bhreithiúnaigh. Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, gur rún don Albáin acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a áirithiú chun go mbeidh na breithiúna in ann feidhmiú go hiomlán, go héifeachtúil agus go neamhspleách agus chun an ceart chun rochtain a fháil ar an gceartas a ráthú. Cuireann an tAontas i dtreis, agus is díol sásaimh dó, gur rún don Albáin Scoil na nGiúistísí a neartú, lena n-áirítear an scrúdúchán iontrála a fheabhsú bunaithe ar thrédhearcacht agus ar iomaíocht chóir chun oideachas ardleibhéil a thairiscint do na giúistísí uaillmhianacha. Tugann an tAontas dá aire gur rún don Albáin feabhas a chur ar na huirlisí TF atá ar fáil do na cúirteanna, agus iarrann sé go mbunófaí córas comhtháite bainistithe cásanna go tráthúil agus go líonfaí folúntais bhreithiúnacha atá fós ann go seasta mar ábhar práinne ar mhaithe le héifeachtúlacht an cheartais.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat reachtach agus institiúideach na hAlbáine maidir leis an bh**frithéilliú** ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais. Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, gur tugadh i gcrích roinnt ciontuithe deiridh maidir le cúisimh éillithe i gcoinne ardoifigeach. Mar sin féin, cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil an t-éilliú forleathan i bhformhór na réimsí den saol poiblí agus den saol gnó, lena n-áirítear i ngach brainse den rialtas láir agus áitiúil agus de na hinstitiúidí agus gur ábhar mór imní fós é. Tugann an tAontas dá aire freisin nach raibh ach tionchar teoranta ar an iomlán ag bearta frithéillithe go dtí seo, go háirithe sna hearnálacha is mó atá i mbaol an éillithe. Tugann an tAontas dá aire pleananna na hAlbáine a creat dlíthiúil agus institiúideach maidir le comhrac an éillithe a leasú a thuilleadh, chun a chastacht a laghdú agus a éifeachtúlacht a áirithiú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh chun dul i ngleic leis an tsaoirse ó phionós agus le cineál ginearálaithe agus forleathan an éillithe, agus is díol sásaimh dó pleananna na hAlbáine acmhainneachtaí institiúideacha agus comhordú na n-institiúidí coiscthe éillithe a neartú, acmhainneachtaí oibríochtúla agus daonna an Ionchúisitheora Speisialta um Éilliú agus Coireacht Eagraithe (SPAK) agus chúirteanna SPAK a chomhdhlúthú agus cuntas teiste láidir a bhunú maidir leis an éilliú a chur faoi chois go sistéamach, go háirithe ar ardleibhéal, lena n-áirítear coigistiú deiridh sócmhainní. Tugann an tAontas dá aire gur rún don Albáin éifeachtúlacht an chreata chun éilliú a chosc a neartú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt go córasach agus go héifeachtach ar mholtaí Ghrúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO). Tugann an tAontas dá aire a thábhachtaí atá sé don Albáin a áirithiú go mbeidh na hathruithe dlíthiúla a dhéanfar amach anseo ar an reachtaíocht choiriúil, lena n-áirítear pardúin a d’fhéadfadh a bheith ann, i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha agus go rachaidh siad i bhfeidhm ar phlean na tíre an t-éilliú a laghdú go comhsheasmhach.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil agus institiúideach na hAlbáine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha maidir le **cearta bunúsacha** agus cuireann sé i bhfios go láidir gur gá an cur chun feidhme a neartú chun teachtadh na gceart bunúsach sa chleachtas a ráthú, lena n-áirítear acmhainneachtaí na n-institiúidí neamhspleácha um chearta bunúsacha a neartú.

Tugann an tAontas dá aire nach mór iarrachtaí breise a dhéanamh fós chun cosaint sonraí pearsanta san Albáin a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire gur rún don Albáin a creat dlíthiúil maidir le **cosaint sonraí pearsanta** a ailíniú le *acquis* an Aontais agus feabhas a chur ar acmhainneacht institiúideach an Choimisinéara um Fhaisnéis agus Cosaint Sonraí agus ar acmhainneacht institiúideach rialaitheoirí poiblí agus príobháideacha chun forfheidhmiú éifeachtach an chirt a áirithiú, lena n-áirítear bearta feasachta poiblí. Cuireann an tAontas i dtreis gur rún don Albáin imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar sháruithe ceart cosanta sonraí, lena n-áirítear sáruithe ar mórscála.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil agus institiúideach na hAlbáine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin ábhartha Eorpacha a mhéid a bhaineann leis an t**saoirse chun tuairimí a nochtadh** agus go bhfuil gá fós ann le feabhsuithe suntasacha. Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, gur rún don Albáin athchóiriú domhain ar an gcreat dlíthiúil agus rialála a chumasú, agus na bearta cur chun feidhme agus forfheidhmithe is gá a chur i bhfeidhm d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh: trédhearcacht úinéireacht na meán, iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a neartú, trédhearcacht mhaoiniú na meán ó acmhainní príobháideacha agus stáit a neartú, agus neamhspleáchas rialtóir na meán agus neamhspleáchas an chraoltóra stáit a neartú. Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil feabhas tagtha ar an atmaisféar a chruthaítear le hionsaithe ó bhéal agus ionsaithe fisiciúla, feachtais chlúmhillte agus cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí (SLAPP) atá dírithe ar iriseoirí agus nach mór aghaidh a thabhairt orthu go fóill. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don Albáin forálacha coiriúla maidir le maslú agus clúmhilleadh a aisghairm go hiomlán agus gnéithe sibhialta an chlúmhillte a ailíniú le caighdeáin Eorpacha. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go mbeidh gá le hobair leantach aireach ionas go gcuirfear na bearta foirmiúla agus na coimircí foirmiúla chun feidhme go héifeachtach agus go mbeidh feabhsuithe nithiúla i gcás shábháilteacht chomh maith le timpeallacht oibre na n-iriseoirí mar thoradh orthu. Ba cheart aon athrú a dhéantar ar an gcreat dlíthiúil a bheith i gcomhréir le caighdeáin agus moltaí Eorpacha, lena n-áirítear tuairimí ó Choimisiún na Veinéise, agus faoi réir comhairliúcháin chuimsitheacha le heagraíochtaí meán agus leis an tsochaí shibhialta.



PUBLIC

Maidir le **comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú** i gcás ina bhfuil ailíniú páirteach bainte amach ag an Albáin le *acquis* an Aontais, tugann an tAontas dá aire pleananna na hAlbáine a creat dlíthiúil maidir le neamh-idirdhealú a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é, lena n-áirítear forfheidhmiú arna dhéanamh ag an gCoimisinéir um Neamh-Idirdhealú, chomh maith le cúrsaí LGBTIQ a áireamh. Tugann an tAontas dá aire freisin pleananna na hAlbáine ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais maidir le comhionannas inscne a áirithiú, lena n-áirítear Coinbhinsiún Iostanbúl, go háirithe chun dul i ngleic go héifeachtach le foréigean inscnebhunaithe, chun acmhainneacht institiúideach a mhéadú, lena n-áirítear comhlachtaí comhionannais, agus chun inbhuanaitheacht na ndídean d'íospartaigh an fhoréigin a fheabhsú. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá a áirithiú go gcuirfear bearta chun feidhme go tráthúil, lena n-áirítear ailíniú ar fhorálacha dlíthiúla maidir le neamh-idirdhealú, fuathchoireacht agus fuathchaint agus foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, agus comhionannas inscne a áirithiú. Iarrann an tAontas ar an Albáin acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun acmhainneacht institiúideach a mhéadú agus chun inbhuanaitheacht na seirbhísí sásaimh agus cúnaimh d'íospartaigh a áirithiú. Geallann an Albáin cearta daoine faoi mhíchumas a chothú a thuilleadh.

Tugann an tAontas dá aire gur rún don Albáin seasamh le cosaint **chearta an linbh** agus an chosaint sin a fheabhsú trí infhaighteacht seirbhísí pobalbhunaithe a leathnú d'fhonn institiúidiú leanaí a laghdú. Tugann an tAontas dá aire a thábhachtaí atá sé don Albáin dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh maidir leis an aistriú i dtreo cúram pobalbhunaithe a thabhairt chun críche, lena n-áirítear do leanaí faoi mhíchumas. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá an t-athchóiriú a chur chun feidhme go tráthúil chun a áirithiú go n-urramófar prionsabal leas an linbh.

PUBLIC

Maidir leis an g**ceart chun maoine**, tugann an tAontas dá aire gur ghlac an Albáin reachtaíocht cur chun feidhme i ndáil leis an dlí maidir le cláir talún agus i ndáil leis an dlí maidir le próisis úinéireachta idirthréimhsí a thabhairt chun críche, ach go bhfuil dúshláin shuntasacha cur chun feidhme fós ann. Go háirithe, de réir an Treochláir le haghaidh na gcaibidlí maidir leis an Smacht Reachta, beidh córas éifeachtúil trédhearcach clárúcháin maoine agus bainistíochta comhtháite i bhfeidhm, lena gcuirfear teidil mhaoine shoiléire shlána ar fáil san Albáin, chun an ceart chun maoine a áirithiú trí sheirbhís lán-digitithe sa chleachtas faoi 2030. Sa chomhthéacs sin, tá dhá sprioc eatramhacha leagtha síos ag an Albáin do 2026 agus 2028, faoi seach. Baineann an chéad sprioc le digiteáil na léarscáileanna cadastracha, agus baineann an dara ceann leis an gcéad chlárú a chur i gcrích. I ndáil leis an méid sin, cuireann an tAontas i dtábhacht freisin nach mór don Albáin a áirithiú go bhfoilseofar na léarscáileanna cadastracha, i gcomhréir leis an bpróiseas digiteála, próiseas atá teoranta go dtí seo. Cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don Albáin a áirithiú freisin, a luaithe a fhoilseofar na léarscáileanna cadastracha aonair agus a chuirfidh an páirtí leasmhar na doiciméid is gá isteach chun a mhaoin a chlárú, go rachaidh Gníomhaireacht Stáit an Chadastair, mar a shainmhínítear ina creat dlíthiúil atá i bhfeidhm, ar aghaidh laistigh den sprioc-am 45 lá bunaithe le heisiúint an deimhnithe maoine chríochnaithigh nó go gcuirfidh sí an páirtí leasmhar ar an eolas go n-éilíonn tríú páirtithe an mhaoin sin freisin (bíodh sí de chuid an stáit nó príobháideach), ionas gur féidir leis an bpáirtí leasmhar dul i muinín an cheartais. Thairis sin, iarrann an tAontas ar Ghníomhaireacht Stáit an Chadastair bearta láidre frithéillithe a chur i bhfeidhm trí Phlean Sláine Frithéillithe, lena léirítear aiseolas ó gheallsealbhóirí d'fhonn trédhearcacht, éifeachtúlacht agus cuntasacht a fheabhsú i soláthar seirbhísí ó 2025 ar aghaidh, mar a fhoráiltear sa Treochlár le haghaidh na gCaibidlí maidir leis an Smacht Reachta. Cuireann sé i dtreis freisin go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí soiléirithe tréimhsiúla críochnúla a fháil maidir le cur chun feidhme an Phlean Sláine Frithéillithe. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don 'Ghníomhaireacht um Chóireáil Maoine' feidhmiú ar bhealach lán-trédhearcach freisin. Iarrann sé go mbunófaí tréimhse ama réalaíoch chun cúitimh fhéideartha a fhorghníomhú a bheidh le cur i gcrích faoi 2026, mar a fhoráiltear sa Treochlár maidir leis an Smacht Reachta. I ndáil leis an méid sin, iarrann an tAontas ar údaráis na hAlbáine déileáil freisin le saincheist na ndoiciméad falsaithe, mar a thuairiscítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú i mí na Nollag 2023. Thairis sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé fós ina phríomhthosaíocht aghaidh a thabhairt ar athbhreithniú ar na dlíthe infheistíochta i gcomhréir le dea-chleachtais an Aontais faoi 2026, mar a fhoráiltear i gClár Oibre Athchóirithe an Phlean Fáis. Go háirithe, iarrann sé ar údaráis na hAlbáine a áirithiú go mbeidh cúiteamh cóir do na húinéirí dlisteanacha ag gabháil le díshealbhú ar mhaithe le 'leas an phobail'. Cuireann sé i bhfios go láidir freisin go gcabhródh próiseas soiléir aicmithe na maoine (talamh arúil nó talamh le haghaidh tógála) le mí-aicmiú nó aon ghníomhartha mí-úsáide a chosc. Tugann an tAontas dá aire gur rún don Albáin cosaint éifeachtach dlí a áirithiú agus a áirithiú go gcuirfear breithiúnais chúirte chun feidhme go comhsheasmhach, go háirithe breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, sa réimse sin.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire pleananna na hAlbáine cearta daoine ar de ghrúpaí **mionlaigh** iad a chosaint agus a chur chun cinn, i gcomhréir lena hoibleagáidí idirnáisiúnta agus le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta, i measc nithe eile trína áirithiú go gcuirfear an creat reachtach chun feidhme go héifeachtach. Leanann sé de bheith ag tathant ar an Albáin na fodhlíthe cur chun feidhme atá fós ann maidir le féinaithint agus cearta gaolmhara eile agus úsáid teangacha mionlach náisiúnta a ghlacadh, faoi dheireadh 2024, agus iad i dteagmháil le comhlachtaí riaracháin agus le húdaráis phoiblí, mar a fhoráiltear i dTreochlár an Smachta Reachta. Cuireann sé i bhfios go láidir gur cheart glacadh agus cur chun feidhme pras na bhfodhlíthe sin sa chríoch iomlán a bheith i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta, le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha uile, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú i mí na Nollag 2023. Agus na fodhlíthe thuasluaite á nglacadh, iarrann an tAontas ar údaráis na hAlbáine a áirithiú go gcloífear leis an gceart chun féinaitheanta saoire sa dlí agus sa chleachtas araon i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta. Tugann an tAontas dá aire freisin gur gá feabhas a chur ar acmhainneacht institiúideach an Choiste Stáit um Mionlaigh Náisiúnta agus na n-údarás áitiúil. Maidir leis an mionlach Romach agus an mionlach Éigipteach, tugann an tAontas dá aire pleananna na hAlbáine gealltanais Dhearbhú Poznan a chomhlíonadh i réimse an oideachais, na fostaíochta, na tithíochta agus na sláinte agus Pointe Teagmhála Náisiúnta na Romach a neartú. Iarrann an tAontas ar an Albáin acmhainní náisiúnta leordhóthanacha a leithdháileadh chun na bearta beartais a chur chun feidhme agus chun comhordú sa réimse sin a threisiú. Tugann sé dá aire freisin go bhfuil forálacha i bhfeidhm ag an Albáin lena gcuirtear ar chumas daoine ar de mhionlaigh iad a n-oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a fhorbairt agus eolas ar a gcuid staire a chothú.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin ailíniú iomlán a creata reachtaigh le *acquis* an Aontais a áirithiú tráth an aontachais chun a áirithiú go mbainfear leas iomlán as **cearta saoránachta an Aontais**.

PUBLIC

## 4. Caibidil 24 – Ceartas, saoirse agus slándáil

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil institiúideach i bhfeidhm ag an Albáin chun **an choireacht eagraithe a chomhrac**, cé gur gá leasuithe ar an gcreat sin a ghlacadh chun ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais lena n-áirítear reachtaíocht maidir le sciúradh airgid a choiriúlú agus maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil torthaí dearfacha ag eascairt as comhar na hAlbáine i bhforfheidhmiú an dlí le Ballstáit an Aontais, CEPOL, Europol agus Eurojust, chomh maith le rannpháirtíocht an-ghníomhach san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla. Tugann an tAontas dá aire gur cheart na hiarrachtaí sin a neartú a thuilleadh. Leagann an tAontas béim freisin ar an ngá atá le tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun cuntas teiste na n-imscrúduithe, na n-ionchúiseamh, na gciontuithe deiridh agus na sócmhainní arna n-urghabháil agus arna gcoigistiú a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe agus sciúradh airgid, chomh maith leis an gcomhar idirnáisiúnta réamhghníomhach éifeachtach a chomhdhlúthú. Tugann an tAontas dá aire gur cheart don Albáin acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do na hinstitiúidí a bhfuil an choireacht eagraithe á comhrac acu. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na hAlbáine chun a áirithiú go mbeidh imscrúduithe airgeadais ag gabháil go córasach le himeachtaí coiriúla ón tús agus chun acmhainneacht a fhorbairt chun dul i ngleic le himscrúduithe casta airgeadais. Tugann an tAontas dá aire, thairis sin, tiomantas na hAlbáine urghabháil agus coigistiú sócmhainní a mhéadú, sócmhainní a bhaineann le gníomhaíochtaí coiriúla a reo agus a n-athúsáid shóisialta a chur chun cinn.

Tugann an tAontas dá aire gur baineadh an Albáin de liosta an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA) de dhlínsí a bhfuil faireachán méadaithe á dhéanamh orthu tar éis an maithiúnas fioscach agus an clár um chomhlíonadh cánach deonach a bhí beartaithe a chur ar fionraí. Tugann an tAontas dá aire a thábhachtaí atá sé don Albáin a áirithiú go mbeidh athruithe dlíthiúla a dhéanfar amach anseo ar an dlí coiriúil, lena n-áirítear maithiúnais agus cláir um chomhlíonadh cánach deonach a d'fhéadfadh a bheith ann, go mbeidh siad comhsheasmhach le pleananna na tíre agus go gcuirfidh siad comhrac na coireachta eagraithe chun cinn agus go mbeidh siad ailínithe le *acquis* ábhartha an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta, mar shampla na caighdeáin sin arna leagan síos ag an gCoiste Saineolaithe um meastóireacht ar bhearta chun an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a chomhrac agus ag TFGA.

Iarrann an tAontas ar an Albáin an reachtaíocht uile agus na bearta cur chun feidhme uile is gá a ghlacadh i réimse na **cibearchoireachta**, agus aontú don dara prótacal breise a ghabhann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist chun an chibearchoireacht a chomhrac go héifeachtach. Tugann an tAontas dá aire gur cheart don Albáin cuntas teiste fónta a fhorbairt maidir leis an gcibearchoireacht a chosc agus a chur faoi chois, go háirithe trí fhreagairt níos éifeachtaí i bhforfheidhmiú an dlí a bhunú lena ndíreofar ar chibearchoirpigh a bhrath, a rianú agus a ionchúiseamh.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire gur rún don Albáin gach cineál **mí-úsáide gnéasaí leanaí** a choiriúlú, agus iarrann sé ar an Albáin aird ar leith a thabhairt ar leanaí a chosaint ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus as líne agus cosc a chur uirthi (lena n-áirítear athíospairt a chosc).

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil líon mór arm tine ar fáil san Albáin agus iarrann sé ar an Albáin seilbh neamhdhleathach agus **gáinneáil ar airm thine** a laghdú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin a gníomhaíochtaí a ailíniú le spriocanna an Treochláir Réigiúnaigh chun rialú níos fearr a dhéanamh ar mhionairm agus ar armáin éadroma sna Balcáin Thiar. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na hAlbáine chun a hiarrachtaí a mhéadú maidir le múscailt feasachta, for-rochtain agus oideachas i ndáil leis na contúirtí agus na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid, seilbh aindleathach agus gáinneáil ar airm thine, mionairm agus armáin éadroma, chomh maith le hairm thine aindleathacha a laghdú trí fhíorú, tabhairt suas deonach agus díghníomhachtú.

Tugann an tAontas dá aire gur tír thionscnaimh, idirthurais agus ceann scríbe na **gáinneála ar dhaoine** í an Albáin agus nach mór di a bearta i gcoinne na gáinneála a neartú agus béim á leagan ar an tionchar suntasach ar mhná agus cailíní. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá plean na hAlbáine chun feabhas a chur ar shainaithint luath agus ar chosaint íospartach trí chur chuige atá dírithe ar íospartaigh ar cheart é a chomhtháthú ar bhealach níos fearr agus níos comhsheasmhaí in imscrúduithe agus in ionchúisimh. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin cuntas teiste láidir a fhorbairt maidir le himscrúduithe réamhghníomhacha, ionchúiseamh agus ciontuithe deiridh sa réimse sin.

Tugann an tAontas dá aire go ndéanann údaráis forfheidhmithe dlí na hAlbáine **comhar ar leibhéal maith i réimse na ndrugaí** lena gcontrapháirtithe i mBallstáit an Aontais. Iarrann an tAontas ar an Albáin creat straitéiseach uileghabhálach a ghlacadh i réimse na ndrugaí. Leagann an tAontas béim ar a ríthábhachtaí a bheidh sé, sa bhreis ar chreat foirmiúil a ghlacadh, go léireoidh an Albáin cur chuige straitéiseach uileghabhálach chun saothrú, táirgeadh agus gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac go héifeachtach agus go comhsheasmhach. Tugann an tAontas dá aire, thairis sin, plean na hAlbáine a creat institiúideach a neartú agus a oibríochtú, go háirithe trí Fhaireachlann Náisiúnta Drugaí agus córas náisiúnta luathrabhaidh oibríochtúil a bhunú maidir leis an malartú faisnéise faoi shubstaintí sícighníomhacha nua. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin cuntas teiste láidir a fhorbairt maidir le hurghabhálacha drugaí agus scriosadh drugaí, agus maidir leis na sócmhainní comhfhreagracha a choigistiú.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat straitéiseach, dlíthiúil agus institiúideach ag an Albáin chun **an sceimhlitheoireacht a chomhrac,** a bhfuil leasuithe ag teastáil ina leith chun é a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais. Tugann an tAontas dá aire plean na hAlbáine acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil, feabhas a chur ar an gcomhar idirghníomhaireachta agus idirnáisiúnta, agus na sásraí bainistithe agus tarchuir cásanna a neartú. Tugann an tAontas dá aire na hiarrachtaí a rinneadh chun an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, go háirithe le comhdhlúthú an Lárionaid um an antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac. Agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh á moladh, ní mór aird a thabhairt i gcónaí ar an radacú sa phríosún agus ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an comhar réigiúnach agus an malartú faisnéise íogaire le Europol agus leis na Ballstáit sásúil. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus ar sciúradh airgid go háirithe trí fheabhas a chur ar éifeachtacht na n-imscrúduithe maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil leasú á dhéanamh ag an Albáin ar an reachtaíocht lena rialaíonn sí úsáid an Taifid Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun feabhas a chur ar a cumas an sceimhlitheoireacht agus cionta coiriúla tromchúiseacha a bhfuil nasc acu le haerthaisteal a chomhrac.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Albáin tiomanta do **chosaint an bhonneagair chriticiúil** trí athbhreithniú a dhéanamh ar a creat dlíthiúil maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil, trí fheabhas a chur ar acmhainneachtaí chun bonneagar criticiúil a bhrath agus trí chritéir a dhearadh chun iad a bhainistiú, lena n-áirítear anailís riosca. Ba cheart don Albáin a áirithiú go ndéanfar líonraí 5G a imscaradh go slán mar aon le cur chun feidhme cuimsitheach bhosca uirlisí cibearshlándála 5G an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil bunphrionsabail an chomhair bhreithiúnaigh **in ábhair choiriúla, shibhialta agus thráchtála** cumhdaithe i reachtaíocht na Albáine, ach gur gá í a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais. Tugann an tAontas dá aire plean na hAlbáine na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha nár dhaingnigh sí fós i réimse an chomhair bhreithiúnaigh a dhaingniú, go háirithe an Coinbhinsiún um Chomhaontuithe maidir le Roghnú Cúirte (2005). Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin dlús a chur lena hacmhainneacht riaracháin chun ceanglais an Aontais maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, shibhialta agus thráchtála a chomhlíonadh.

PUBLIC

**Maidir leis an imirce**, tugann an tAontas dá aire nach mór don Albáin a Straitéis Náisiúnta chuimsitheach maidir leis an Imirce agus an plean gníomhaíochta a ghabhann léi a thabhairt cothrom le dáta agus leanúint de Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar, a thíolaic an Coimisiún i mí na Nollag 2022, a chur chun feidhme. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin plean teagmhais a fhorbairt, a ghlacadh, a chur chun feidhme, a thástáil agus a mhaoiniú go leordhóthanach i gcás ina dtiocfaidh líon suntasach imirceach agus iarrthóirí tearmainn isteach. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na hAlbáine na leasuithe is gá a ghlacadh i réimse na himirce dleathaí chun ailíniú le forálacha áirithe maidir le hathaontú teaghlaigh, leis an gcead aonair, agus leis na hathruithe a rinneadh le déanaí ar chárta gorm AE. Iarrann an tAontas ar an Albáin leasuithe a ghlacadh i réimse na himirce neamhrialta, i measc rudaí eile, chun ailíniú leis an Treoir maidir le Smachtbhannaí i gcoinne Fostóirí[1]. Is díol sásaimh don Aontas gur athbhunaíodh cumhachtaí imscrúdaitheacha laistigh de Roinn na bPóilíní Teorann agus Imirce. Tugann an tAontas dá aire nach mór foireann agus acmhainneacht na roinne sin a mhéadú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil comhar an-mhaith á dhéanamh ag an Albáin leis na Ballstáit agus le Frontex maidir le hoibríochtaí um athligean isteach agus um fhilleadh. Iarrann an tAontas ar an Albáin acmhainneachtaí glactha leordhóthanacha a áirithiú agus nósanna imeachta um fhilleadh a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an dlí maidir le heachtrannaigh agus i gcomhréir le *acquis* an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire an comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann maidir leis an gcóras náisiúnta **tearmainn** agus glactha a neartú. Iarrann an tAontas ar an Albáin an dlí is déanaí maidir le tearmann a chur chun feidhme ar ardchaighdeán agus na hacmhainneachtaí riaracháin breise is gá a fhorbairt, agus ailíniú breise leis an *acquis* á áirithiú ag an am céanna. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin tarchuir chórasacha a dhéanamh chuig an nós imeachta tearmainn. Tugann an tAontas dá aire freisin plean na hAlbáine chun iarrthóirí tearmainn a láimhseáil trí thacaíocht dhíreach agus seirbhísí díreacha rialtais. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil gá fós le hiarrachtaí leanúnacha chun an tsaincheist maidir leis an iliomad saoránach de chuid na hAlbáine a chuireann iarratais ar thearmann gan bhunús isteach i mBallstáit an Aontais.

1 Treoir 2009/52/CE

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil **beartas víosaí** na hAlbáine ailínithe go hiomlán le **beartas víosaí** an Aontais go fóill. Meabhraítear don Aontas nach bhfuil sé i gcomhréir le *acquis* an Aontais ceanglais víosaí a chur ar fionraí ar bhonn sealadach. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil plean leagtha amach ag an Albáin chun a beartas víosaí a ailíniú leis an Aontas agus iarrann sé ar an Albáin obair leantach a dhéanamh air sin go tráthúil. Tugann an tAontas dá aire freisin go mbeidh gá le hoiriúnuithe teicniúla breise ar chórais faisnéise na hAlbáine chun an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) a chomhlíonadh.

Tugann an tAontas dá aire an dea-chomhar oibríochtúil leanúnach a dhéantar le Frontex maidir le faireachas ar theorainneacha tríd an oibríocht chomhpháirteach a imscaradh ó 2019 i leith maidir le **Schengen agus teorainneacha seachtracha.** Meabhraítear don Aontas go bhfuil cuid de *acquis* Schengen san Albáin nach mbeidh feidhm leis go dtí go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh chun deireadh a chur le rialuithe ar dhaoine ag teorainneacha inmheánacha, ar cinneadh é a ghlacfar ar bhonn na meastóireacht infheidhme Schengen ar ullmhacht na hAlbáine, agus aird á tabhairt ar thuarascáil ón gCoimisiún lena ndearbhaítear go bhfuil na gealltanais a thug an Albáin sa chaibidlíocht aontachais agus atá ábhartha do *acquis* Schengen á gcomhlíonadh fós aici. Tugann an tAontas dá aire gur rún don Albáin aghaidh a thabhairt ar ráta ard athraithe i gcás na n-oifigeach teorainn.

Maidir le **góchumadh an euro,** tugann an tAontas dá aire plean na hAlbáine leanúint de mhalartuithe breise faisnéise a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach, le Europol agus leis an mBanc Ceannais Eorpach, i gcomhréir le comhaontuithe comhair ábhartha maidir le hairgeadra an euro a chosaint ar ghóchumadh.

PUBLIC

## 5. Critéir eacnamaíocha

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Albáin ar an mbóthar ceart chun bheith ina **geilleagar margaidh feidhmiúil**. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an Albáin maidir lena hacmhainneacht déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí an mhargaidh laistigh den Aontas. Leagann an tAontas béim ar an gcomhthoil leathan leanúnach intíre maidir le bunphrionsabail an bheartais eacnamaíoch lena n-áirítear ról teoranta an stáit sa gheilleagar agus tiomantas polaitiúil do léirscaoileadh an mhargaidh. Tugann an tAontas dá aire, in ainneoin roinnt dul chun cinn a rinneadh ina leith sin le blianta beaga anuas, go bhfuil teorainn á cur i gcónaí le feidhmiú éifeachtach an gheilleagair margaidh mar gheall ar dheimhneacht lag dhlíthiúil, leibhéal ard gníomhaíochta eacnamaíche neamhfhoirmiúla, leibhéal íseal forbartha san earnáil airgeadais agus deacrachtaí maidir le teidil talún a chlárú, rud a léirítear le cóineasú mall agus fás faoi bhun an phoitéinsil. Iarrann an tAontas ar an Albáin aghaidh a thabhairt go córasach agus go críochnúil ar mholtaí beartais an Aontais a leagtar amach sna pacáistí comhleantacha um méadú agus ar an treoir bheartais a comhaontaíodh go comhpháirteach i gcomhthéacs na gConclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar chomh maith leis na gealltanais atá le teacht faoin bPlean Fáis, ar cheart dóibh cabhrú leis an Albáin na critéir eacnamaíocha a chomhlíonadh. In ainneoin bearnaí suntasacha a bheith fós ann i gcomparáid leis an leibhéal réigiúnach agus leis an leibhéal Eorpach, cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil feabhas mór tagtha ar bhonneagar fuinnimh agus iompair na hAlbáine, ar dhigiteáil an gheilleagair agus ar thorthaí oideachais. Tugann an tAontas dá aire freisin nach mór leanúint den infheistíocht ar ardleibhéal i ngach réimse den bhonneagar fisiceach, arna comhlánú le hathchóirithe feabhsaithe ar bhainistiú infheistíochta poiblí agus ar rialachas. Iarrann an tAontas ar an Albáin feabhas a chur ar a hiomaíochas, rud a bhfuil bac air faoi láthair mar gheall ar easpa saineolas fiontraíochta agus teicneolaíochta, riachtanais infheistíochta nach bhfuiltear ag freastal orthu san fhorbairt dhaonna, agus caiteachas íseal ar bhonn leanúnach ar T&F trí thorthaí oideachais ar ardchaighdeán agus ar leibhéil níos airde, agus dreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh sa taighde. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin cumhdach agus leordhóthanacht na cosanta sóisialta agus an árachais sláinte a mhéadú chun sciar an daonra atá i mbaol na bochtaineachta a laghdú agus chun forbairt eacnamaíoch a bheidh cuimsitheach agus cothrom ar bhonn sóisialta a chumasú.

**6. Caibidil 5 – Soláthar poiblí**

Tugann an tAontas dá aire ardleibhéal ailínithe na hAlbáine le *acquis* an Aontais i **réimse na n-earnálacha clasaiceacha agus fóntais**. Iarrann an tAontas ar an Albáin athbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha le haghaidh conarthaí soláthairtí agus seirbhísí chun na híostréimhsí a chuirtear i bhfeidhm i nósanna imeachta soláthair, chomh maith le spriocdhátaí chun achomhairc a chur isteach, a ailíniú le treoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil an Albáin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais i réimse na lamháltas. Iarrann an tAontas ar an Albáin í féin a ailíniú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt, *inter alia*, ar shaincheisteanna ar nós tograí gan iarraidh, riosca oibriúcháin, raon feidhme reachtach. Leagann an tAontas béim ar ardleibhéal ailínithe na hAlbáine le *acquis* an Aontais i réimse **an tsoláthair cosanta**.

Tugann an tAontas dá aire ullmhúchán measartha na hAlbáine ó thaobh **acmhainneacht cur chun feidhme agus forfheidhmithe** sa soláthar poiblí de. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don chóras soláthair phoiblí níos mó béime a chur, in oibríochtaí soláthair, ní hamháin ar an éifeachtúlacht ach ar an trédhearcacht, ar an tsláine agus ar an iomaíocht chomh maith. Iarrann an tAontas ar an Albáin an tacaíocht a thugtar d'údaráis chonarthacha tríd an nGníomhaireacht um Sholáthar Poiblí a neartú chun feidhmiú an chórais soláthair phoiblí a fheabhsú a thuilleadh.

Leagann an tAontas béim ar ardleibhéal ailínithe na hAlbáine leis an Treoir maidir le **Leigheasanna**. Tugann an tAontas dá aire gur áirithíodh ardleibhéal trédhearcachta agus gur cuireadh feabhas ar phróiseáil thráthúil gearán nuair a chuir sí chun feidhme a córas cuimsitheach maidir le ríomh-achomhairc agus ríomhghearáin lena gcuirtear isteach agus lena mbainistítear cásanna go leictreonach. Iarrann an tAontas ar an Albáin feabhas a chur ar acmhainneacht an Choimisiúin um Sholáthar Poiblí ionas go mbeidh sé in ann déileáil le líon ard gearán.

PUBLIC

7. **Caibidil 18 – Staidreamh**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil **bonneagar staidrimh** na hAlbáine i gcomhréir go páirteach le *acquis* an Aontais. Iarrann an tAontas ar an Albáin acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar earnáil an staidrimh chun ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais a bhaint amach.

Tugann an tAontas dá aire gur chuir an Albáin **príomhaicmiú an Aontais** chun feidhme le leibhéil éagsúla comhlíonta leis an *acquis*. Iarrann an tAontas ar an Albáin an obair riachtanach bhreise ar chláir staidrimh a áirithiú chun comhlíonadh iomlán *acquis* an Aontais a áirithiú.

Leagann an tAontas béim ar ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le **staidreamh earnálach**. Iarrann an tAontas ar an Albáin tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse staidrimh chun ailíniú iomlán a bhaint amach.

8. **Caibidil 32 - Rialú airgeadais**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Albáin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le **rialú inmheánach airgeadais phoiblí** agus go bhfuil creat reachtach na hAlbáine ailínithe a bheag nó a mhór le caighdeáin an Aontais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach ach i bpáirt agus go bhfuil cuntasacht bhainistíochta teoranta i gcónaí sa chleachtas. Iarrann an tAontas ar an Albáin feabhas a chur ar chur chun feidhme an rialaithe inmheánaigh éifeachtaigh agus an faireachán a dhéanann an Láraonad um Chomhchuibhiú a threisiú.

Iarrann an tAontas ar an Albáin tionchar na **bhfeidhmeanna iniúchóireachta** inmheánaí agus seachtraí a mhéadú chun caighdeáin agus prionsabail ghairmiúla an Aontais a chomhlíonadh go hiomlán.

Iarrann an tAontas ar an Albáin a reachtaíocht náisiúnta a ailíniú go hiomlán le treoir an Aontais maidir le comhrac na calaoise ar **leasanna airgeadais an Aontais** tríd an dlí coiriúil.

Iarrann an tAontas ar an Albáin comhar a bhunú go foirmiúil agus a threisiú idir na húdaráis inniúla náisiúnta maidir leis **an euro a chosaint ar ghóchumadh**.

* * *



PUBLIC

I bhfianaise staid reatha ullmhúcháin na hAlbáine, tugann an tAontas dá aire, ar an tuiscint go gcaithfidh an Albáin leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú agus cur chun feidhme *acquis* an Aontais agus na gcaighdeán Eorpach ábhartha a chumhdaítear le Cnuasach 1, gur ghá na *tagarmharcanna eatramhacha* seo a leanas a bhaint amach sular féidir na chéad chéimeanna eile a thabhairt i bpróiseas caibidlíochta an chnuasaigh sin:

- ar leibhéal cothrománach do chnuasach 1 áirithíonn an Albáin go ndéanfar dlúthfhaireachán buan ar chur chun feidhme seasmhach na dtreochlár maidir leis an smacht reachta, athchóiriú an riaracháin phoiblí agus feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha trí shásra láidir ildisciplíneach, agus aird ar leith á tabhairt ar leordhóthanacht na n-acmhainní daonna agus airgeadais, ar an acmhainneacht institiúideach agus ar chloí leis na sprioc-amanna a leagtar síos.

**<u>Caibidil 23 - Na breithiúna agus na cearta bunúsacha</u>**

**Cuireann an Albáin a hathchóiriú cuimsitheach ceartais chun feidhme a thuilleadh, lena gcuirtear feabhas ar neamhchlaontacht, neamhspleáchas, cuntasacht, gairmiúlacht, cáilíocht agus éifeachtúlacht an chórais bhreithiúnaigh. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc sin a luaithe a dhéanfaidh sé an méid seo a leanas:**

- Leanúint d'athchóiriú ceartais a chur chun feidhme go maith, a bheidh le comhdhlúthú i gcomhréir le *acquis* ábhartha an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha ábhartha, lena n-áirítear trí acmhainneacht, éifeachtacht agus neamhspleáchas chomhlachtaí féinrialaitheacha na mbreithiúna a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear prionsabail na sláine, an fhiúntais agus na trédhearcachta, go háirithe an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus an Ardchomhairle Ionchúiseach, lena n-áirítear i gceapadh a gcomhaltaí;

- Neamhspleáchas agus cuntasacht a neartú tríd an bpróiseas grinnfhiosrúcháin a chur i gcrích go hordúil, faoi mhaoirseacht na hOibríochta Faireacháin Idirnáisiúnta agus cuntasacht agus ionracas marthanach sa chóras breithiúnach ar gach leibhéal tar éis an ghrinnfhiosrúcháin ag an Ardchigire Ceartais agus ag an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus ag an Ardchomhairle Ionchúiseach, lena n-áirítear trí mheastóireachtaí críochnúla, fíorú córasach agus éifeachtach ar dhearbhuithe sócmhainní i gcomhréir leis na hardchaighdeáin a leagtar síos trí ghrinnfhiosrúchán, trí cheapachán agus ardú céime atá bunaithe ar fhiúntas a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus trí athléimneacht shistéamach an chórais bhreithiúnaigh a áirithiú i leith iarrachtaí ar thionchar míchuí inmheánach agus seachtrach a imirt;

- Feabhas a chur ar cháilíocht na mbreithiúna, lena n-áirítear trí laghdú suntasach a dhéanamh ar an riaráiste meastóireachta trí dhá thrian de na réamh-mheastacháin phleanála bhliantúla a bhaint amach bunaithe ar chritéir oibiachtúla a bhfuil gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla ag baint leo, foilsiú tráthúil cinntí réasúnaithe a chur chun cinn go suntasach, cáilíocht na hoiliúna tosaigh agus leanúnaí a fheabhsú, an Scoil na nGiúistísí a neartú, go háirithe trí shláine agus cáilíocht na foirne teagaisc a áirithiú agus tríd an scrúdú iontrála a neartú;

- Feabhas a chur de réir a chéile ar éifeachtúlacht agus ar fheidhmíocht na gCúirteanna agus na n-oifigí ionchúisimh agus seirbhísí ceartais ardcháilíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear agaí diúscartha níos giorra, riaráiste na gcásanna a laghdú, thart ar leath de na folúntais bhreithiúnacha a líonadh agus an fhoireann tacaíochta a mhéadú, infheistíochtaí leordhóthanacha a dhéanamh sa bhuiséad breithiúnach chun riachtanais bhreithiúnacha a chumhdach go leordhóthanach, lena n-áirítear bonneagar, i dtreo mheán an Aontais, réiteach malartach díospóidí a chur chun cinn agus córas comhtháite bainistithe cásanna a fheidhmíonn go maith a bhunú.

**Déanann an Albáin tuilleadh dul chun cinn suntasach i ngleic agus cosc an éillithe. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sé an méid seo a leanas:**

- Acmhainneachtaí oibríochtúla feabhsaithe agus acmhainní comhdhlúthaithe airgeadais agus daonna a thabhairt do na sainchomhlachtaí in aghaidh an éillithe agus do na gnáthinstitiúidí breithiúnacha chun an t-éilliú a chomhrac;

- Dul chun cinn nithiúil a dhéanamh ar gach leibhéil i dtreo cuntas teiste láidir maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe i gcásanna éillitheachta, go háirithe ciontuithe deiridh ar ardleibhéal, lena n-áirítear urghabháil agus coigistiú sócmhainní;

- Éifeachtúlacht neartaithe an chreata maidir le héilliú a chosc, lena n-áirítear trí dhul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le moltaí GRECO a chur chun feidhme, fíorú éifeachtach na ndearbhuithe sócmhainní a áirithiú agus imscrúduithe riaracháin a thabhairt i gcrích go comhsheasmhach le smachtbhannaí ábhartha agus tarchur chuig ionchúiseamh;

PUBLIC

**Neartaíonn an Albáin cosaint na gceart bunúsach sa chleachtas a thuilleadh. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sé an méid seo a leanas:**

- An t-athchóiriú ar chosaint sonraí a ghlacadh agus tús a chur lena chur chun feidhme i gcomhréir le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear freagairt chórasach agus coimircí éifeachtacha a chur chun feidhme chun príobháideachas agus sonraí pearsanta a chosaint;

- Feabhas a chur ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear saoirse na meán, *inter alia* tríd an gcreat reachtach agus rialála a athchóiriú i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha, dea-chleachtais agus moltaí agus bearta nithiúla a dhéanamh chun sábháilteacht iriseoirí a fheabhsú;

- Acmhainneachtaí institiúideacha a neartú, lena n-áirítear comhlachtaí comhionannais, ailíniú reachtach le *acquis* an Aontais a áirithiú maidir le neamh-idirdhealú, comhionannas inscne agus foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, agus sásraí éifeachtacha a chur ar fáil maidir le sásamh agus cúnamh d'íospartaigh, arna maoiniú, don chuid is mó, as buiséad an Stáit;

- An córas cosanta leanaí a threisiú, agus leas an linbh mar threoirphrionsabal ann, lena n-áirítear maidir le leanaí a bhfuil cúram tuismitheora de dhíth orthu nó atá faoi mhíchumas, go háirithe an t-aistriú chuig cúram pobalbhunaithe a chur i gcrích;

- Dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh maidir le córas éifeachtúil trédhearcach clárúcháin maoine agus córas comhtháite bainistíochta maoine a bhunú, lena dtairgtear teidil shoiléire shlána maoine agus seirbhís lán-digitithe sa chleachtas i gcomhréir le gealltanais ábhartha na hAlbáine, ar a dhéanaí, mar a tugadh i dTreochlár an Smachta Reachta. Dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar na sonraí clár talún uile, lena n-áirítear teidil úinéireachta agus léarscáileanna cláir talún, a dhigitiú agus a thabhairt cothrom le dáta go cúramach chun sonraí agus gearáin fhorluiteacha nó mhíchruinne a bhaint go córasach, agus a láimhseáil go héifeachtúil, agus an chéad chlárú maoine a chur i gcrích de réir ghealltanais ábhartha na hAlbáine, ar a dhéanaí, mar a tugadh i dTreochlár an Smachta Reachta. Riaráiste cásanna cúirte maidir le cásanna maoine a laghdú agus rialuithe cúirte a fhorfheidhmiú go héifeachtach;

- Na fodhlíthe a bhaineann le féinaithint shaor agus le húsáid teangacha daoine ar de mhionlaigh iad, dá bhforáiltear i dTreochlár an Smachta Reachta, a ghlacadh, agus iad a bheith i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha, agus an acmhainneacht cur chun feidhme a neartú, lena n-áirítear acmhainneacht an Choiste um Mionlaigh Náisiúnta agus a n-acmhainní;

- Ailíniú a chreata reachtaigh le *acquis* an Aontais maidir le cearta saoránachta a neartú.

PUBLIC

## Caibidil 24 – Ceartas, saoirse agus slándáil

**Déanann an Albáin dul chun cinn nithiúil i gcomhrac na coireachta eagraithe déanta ag an Albáin. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sé an méid seo a leanas:**

- Í féin a ailíniú a thuilleadh le *acquis an Aontais* maidir le comhrac na coireachta eagraithe, lena n-áirítear maidir le sciúradh airgid a choiriúlú, chomh maith le sócmhainní a aisghabháil agus a choigistiú;
- Dul chun cinn nithiúil a dhéanamh ionsar chuntas teiste láidir maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh i ngach réimse den choireacht thromchúiseach agus eagraithe (lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine agus mí-úsáid ghnéasach leanaí, cibearchoireacht, gáinneáil ar airm, gáinneáil ar dhrugaí), sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta;
- Cleachtas inchreidte comhsheasmhach a léiriú maidir le himscrúduithe airgeadais comhthreomhara a sheoladh agus iad ag déileáil leis an gcoireacht eagraithe agus le sciúradh airgid.
- Dul chun cinn nithiúil a dhéanamh i dtreo cuntas teiste láidir maidir le sócmhainní a urghabháil agus a choigistiú go críochnaitheach, agus oifig lánoibríochtúil um aisghabháil sócmhainní atá freagrach as sócmhainní coiriúla a shainaithint agus a rianú, mar a fhoráiltear leis an reachtaíocht náisiúnta;
- Dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le líonraí gáinneála ar dhaoine a dhíchóimeáil, agus béim á leagan ar an tionchar suntasach ar mhná agus ar chailíní.

**Cuireann an Albáin feabhas ar a hiarrachtaí maidir le comhar i réimse na ndrugaí. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sé an méid seo a leanas:**

- Córas Náisiúnta Réamhrabhaidh atá feidhmiúil agus a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus Faireachlann Náisiúnta um Dhrugaí a bhunú, agus a reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le drugaí agus réamhtheachtaithe drugaí;
- Dul chun cinn inbhraite a dhéanamh ionsar chuntas teiste láidir maidir le drugaí a urghabháil, sócmhainní comhfhreagracha a scriosadh agus a choigistiú, agus a áirithiú ag an am céanna go bhforfheidhmítear nósanna imeachta um shárú go láidir i gcás saothrú dleathach cannabais.

PUBLIC

**Baineann an Albáin torthaí nithiúla suntasacha amach i réimsí na himirce dleathaí agus neamhrialta, agus an tearmainn, agus maidir le saincheisteanna a bhaineann le *acquis* Schengen agus le teorainneacha seachtracha, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar. Go háirithe, comhlíonfaidh an Albáin an tagarmharc eatramhach sin a luaithe a dhéanfaidh sé an méid seo a leanas:**

- Acmhainneachtaí leordhóthanacha seasmhacha bainistithe teorann mar aon le foireann leordhóthanach a áirithiú chun sreabha imirce measctha a bhainistiú, lena n-áirítear acmhainneachtaí glactha leordhóthanacha, modhanna éifeachtúla chun fillteacha a dhéanamh, pleananna chun bainistiú a dhéanamh ar líon méadaithe daoine ag teacht isteach, i gcomhréir leis na straitéisí imirce atá i bhfeidhm cheana, chomh maith le hailíniú méadaithe sa bheartas víosaí bunaithe ar phlean nithiúil;
- Dul chun cinn suntasach i gcomhrac na smuigleála imirceach;
- A áirithiú go bhfuil nós imeachta tearmainn ag feidhmiú i gcomhréir le caighdeáin *acquis* an Aontais agus caighdeáin Eorpacha, agus na seirbhísí riachtanacha á dtairiscint ag an Stát d'iarrthóirí tearmainn.

* *

I bhfianaise staid reatha ullmhúcháin na hAlbáine, agus ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an Albáin na tagarmharcanna eatramhacha maidir leis na cnuasaigh faoin smacht reachta, tugann an tAontas dá aire, ar an tuiscint go gcaithfidh an Albáin leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú agus cur chun feidhme *acquis* an Aontais a chumhdaítear leis na cnuasaigh seo a leanas, agus gan dochar d’aon choinníollacha breise a bhunaítear sna tagarmharcanna breise a shainítear do Chnuasach 1, nach bhféadfar iad sin a dhúnadh go sealadach go dtí go gcomhaontóidh an tAontas go gcomhlíonfar na tagarmharcanna seo a leanas:



PUBLIC

**Caibidil 5 – Soláthar poiblí**

- Déanann an Albáin a creat dlíthiúil náisiúnta a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais maidir le gach réimse den soláthar poiblí, lena n-áirítear a reachtaíocht maidir le lamháltais agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, agus comhaontuithe idirnáisiúnta lena ndíolmhaítear soláthar áirithe ó rialacha soláthair phoiblí, i gcomhréir le Conradh CE, le reachtaíocht soláthair an Aontais agus le forálacha ábhartha eile de *acquis* an Aontais;
- Cuireann an Albáin i bhfeidhm acmhainneacht leordhóthanach institiúideach agus riaracháin ar gach leibhéal agus déanann sí bearta iomchuí chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta náisiúnta sa réimse sin a áirithiú in am trátha roimh an aontachas;
- Léiríonn an Albáin cuntas teiste láidir ó thaobh córas soláthar poiblí atá cothrom agus trédhearcach agus a thugann luach ar airgead, iomaíocht agus coimircí láidre in aghaidh an éillithe.

**Caibidil 18 - Staidreamh**

- Tíolacann an Albáin príomhshonraí maicreacnamaíocha (cuntais náisiúnta agus staidreamh airgeadais an rialtais/nósanna imeachta um easnamh iomarcach) i gcomhréir le modheolaíocht Chóras Eorpach na gCuntas Náisiúnta agus Réigiúnach (CEC) 2010, chomh maith le clár tarchuir CCE 2010, ceanglais maidir le fógra a thabhairt faoin nós imeachta um easnamh iomarcach agus ceanglais ábhartha eile mar aon leis an tuairisc mhionsonraithe is gá ar an modheolaíocht a úsáidtear agus beidh na sonraí agus na tuairiscí a tíolacadh fíoraithe cheana ag Eurostat agus beidh ailíniú iomchuí le rialacha an Aontais dearbhaithe aige cheana a mhéid a bhaineann le tráthúlacht, iomláine, comhleanúnachas, trédhearcacht agus cruinneas;
- Glacann an Albáin treochlár maidir leis an méid seo a leanas: (i) aon bhearnaí atá fágtha i dtáblaí uile CCE 2010 a dhúnadh, (ii) aon táblaí atá fágtha ó Chlár Tarchurtha CCE 2010 a tharchur, (iii), aon bhearnaí atá fágtha san fhaisnéis atá le soláthar in éineacht le táblaí nósanna imeachta um easnamh iomarcach a laghdú, agus (iv) aon saincheisteanna modheolaíochta atá fágtha a chur chun feidhme. Dearbhaíonn Eurostat ábharthacht an treochláir.



PUBLIC

**Caibidil 32 - Rialú airgeadais**

- Cuireann an Albáin i bhfeidhm acmhainneacht leordhóthanach institiúideach agus riaracháin ar gach leibhéal agus déanann sí bearta iomchuí chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú ceart na reachtaíocht náisiúnta maidir le rialú airgeadais inmheánach poiblí a áirithiú;

- Comhlíonann Institiúid Iniúchóireachta Stáit na hAlbáine caighdeáin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta;

- Áirithíonn an Albáin bunús dlí cuimsitheach chun rúndacht imscrúdú OLAF agus acmhainneacht oibríochtúil leordhóthanach dá seirbhís náisiúnta comhordúcháin frithchalaoise a chosaint. Cuireann an Albáin Straitéis Náisiúnta Frithchalaoise éifeachtúil chun feidhme chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Cuireann an Albáin chun feidhme comhordú éifeachtach ar ghníomhaíochtaí frithchalaoise agus tuilleann sí cuntas teiste láidir maidir le comhar leis an gCoimisiún, le OLAF agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) i ndáil le neamhrialtachtaí tuairiscithe agus cásanna imscrúdúcháin a bhaineann le cistí an Aontais ionas gur féidir leo a ndualgas a chomhlíonadh go hiomlán;

- Cuireann an Albáin Coinbhinsiún Idirnáisiúnta na Ginéive 1929 chun feidhme chun airgeadra góchumtha a chur faoi chois, déanann sí a reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus le monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil agus maidir le nótaí bainc euro a fhíordheimhniú.

* *

PUBLIC

Le linn na caibidlíochta, leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin ábhartha Eorpacha agus maidir le cur chun feidhme an *acquis* agus na gcaighdeán sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na hAlbáine a áirithiú, d'fhonn a áirithiú go bhfuil an acmhainneacht aici chun ailíniú dlíthiúil a thabhairt chun críche i ngach earnáil faoin gcnuasach sin chomh maith le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an cnuasach atá faoi chaibidil anseo agus cnuasaigh chaibidlíochta eile. Ní féidir measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na hAlbáine le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha ábhartha ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim níos déanaí den chaibidlíocht. Sa bhreis ar an bhfaisnéis uile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chnuasach sin, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis*.

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, beidh ar an gComhdháil filleadh ar an gcnuasach sin tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua de chuid an Aontais teacht chun bheith ann idir an 2 Deireadh Fómhair 2024 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

---



PUBLIC